Cuntas Leithreasa 2013

# Vóta 16

# An Oifig Luachála

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 16, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d’ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo maidir leis an méid a caitheamh an bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 i dtaca le tuarastail agus caiteachas na hOifige Luachála agus mionseirbhísí áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2013, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €1.69 milliún dlite lena thabhairt suas don Státchiste.

Tá an Ráiteas um Beartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den Chuntas.

**Ráiteas um Beartais agus Prionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh chun feidhme na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh agus an Cuntas á ullmhú.

**Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Admhaím, mar Oifigeach Cuntasaíochta, an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfeidhmíonn agus go gcothaíonn an Oifig Luachála córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais. Cleachtaim an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m’fhreagrachtaí eile mar Cheann Oifige. Ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach atá i gcothú an chórais um rialú inmheánach airgeadais agus déantar athbhreithniú rialta ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- tá coiste iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Oifig Luachála
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá treoirlínte rialaithe cuí d'infheistíocht chaipitiúil agus smachta foirmiúla um bainistíocht tionscadail ann
- cinntíonn an Oifig Luachála go bhfuil béim chuí á cur ar dhea-chleachtas ceannaigh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú.

***Iniúchadh Inmheánach***

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Oifig Luachála ina bhfuil pearsanra ag a bhfuil an oiliúint chuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agamsa. Cuirtear bonn eolais faoi le hanailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na hOifige Luachála san áireamh agus é ag feidhmiú agus tá a phleananna inmheánacha bliantúla, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm leis na pleananna seo na príomhrialúcháin a chlúdach go leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchúireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go gcuirfear tuairiscí ón bhfeidhm iniúchta inmheánaigh i gcrích.

**John O’Sullivan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig Luachála

31 Márta 2014

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 16 An Oifig Luachála

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 16 An Oifig Luachála don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn/hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 16 An Oifig Luachála don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Oifig Luachála**.** Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Iúil 2014

# Vóta 16 An Oifig Luachála
# Cuntas Leithreasa 2013

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas ar chlár** | | | | |
| A | Soláthar seirbhís luachála Stáit | 9,828 | 8,181 | 8,268 |
| B | Seirbhísí riaracháin don Bhinse Luachála | 693 | 406 | 617 |
| | **Ollchaiteachas** | **10,521** | **8,587** | **8,885** |
| | *Lúide* | | | |
| C | **Leithreasaí i gcabhair** | **1,400** | **1,160** | **1,254** |
| | **Glanchaiteachas** | **9,121** | **7,427** | **7,631** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas le tabhairt suas | 1,693,542 | 916,648 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 7,379 | 7,223 | 7,511 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 340 | 195 | 106 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 320 | 223 | 228 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 155 | 65 | 67 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 661 | 489 | 514 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 140 | 148 | 125 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | 70 | 32 | 19 |
| | | 9,065 | 8,375 | 8,570 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas ar Chostas Oibriúcháin 2013

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas ar chlár | | 212 | 315 |
| Pá | | 7,223 | 7,511 |
| Neamhphá | | 1,152 | 1,059 |
| **Ollchaiteachas** | | **8,587** | **8,885** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **1,160** | **1,254** |
| **Glanchaiteachas** | | **7,427** | **7,631** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin in airgead tirim | (147) | | |
| Dímheas | 235 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 2 | | |
| | | 90 | 210 |
| **Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | (121) | (155) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 79 | | |
| Méadú ar stoc | 2 | | |
| | | 81 | 212 |
| **Caiteachas díreach** | | **7,477** | **7,898** |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 4,642 | 5,049 |
| **Costas iomlán oibriúcháin** | | **12,119** | **12,947** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 16 atá á n-iompar in áiteanna eile.

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | m | 3,749 | 3,661 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 893 | 1,388 |
| | | 4,642 | 5,049 |

Léiríonn “m” gur luach measta nó costas cionroinnte atá san fhigiúr.

## 2 Clár Comhardaithe amhail 31 Nollaig 2013

| | Nóta | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.2 | **519** | **474** |
| **Sócmhainní Caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | **8** | **21** |
| | | **527** | **495** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 84 | (33) |
| Stoic | 2.5 | 43 | 45 |
| Réamhíocaíochtaí | | 82 | 154 |
| Ioncam fabhraithe | | 3 | 12 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 57 | 134 |
| Glanchistiúchán Státchiste dlite | 2.8 | 7 | 70 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **276** | **382** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 96 | 72 |
| Ioncam Iarchurtha | 2.7 | 55 | 80 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | | 148 | 171 |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | **299** | **323** |
| **Glansócmhainní Reatha** | | (23) | 59 |
| **Glansócmhainní** | | **504** | **554** |
| **Arna léiriú le:** | | | |
| **Cistiú ón Stát** | 2.1 | **504** | **554** |

| **2.1 Cuntas an Chistithe ón Stát** | **Nóta** | | **2013** | **2012** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail 1 Eanáir | | | 554 | 821 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 9,121 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (1,694) | | |
| Vóta glan | | | 7,427 | 7,631 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 4,642 | 5,049 |
| Costas glan clár | 1 | | (12,119) | (12,947) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **504** | **554** |

### 2.2 Sócmhainní Caipitil

| | Trealamh Oifige | Troscán agus Feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil amhail 1 Eanáir 2013 | 2,636 | 1,372 | 4,008 |
| Breiseanna | 224 | 58 | 282 |
| Diúscairtí | (57) | (219) | (276) |
| Costas nó luacháil amhail 31 Nollaig 2013 | 2,803 | 1,211 | 4,014 |
| **Dímheas Carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail 1 Eanáir 2013 | 2,204 | 1,330 | 3,534 |
| Dímheas don bhliain | 216 | 19 | 235 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (56) | (218) | (274) |
| Dímheas carntha amhail 31 Nollaig 2013 | 2,364 | 1,131 | 3,495 |
| **Glansócmhainní amhail 31 Nollaig 2013** | **439** | **80** | **519** |
| **Glansócmhainní amhail 31 Nollaig 2012** | **432** | **42** | **474** |

### 2.3 Sócmhainní Caipitil atá á bhforbairt

| amhail 31 Nollaig | Feidhmchláir ríomhaireachta intí |
|---|---|
| | €000 |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh amhail 1 Eanáir 2013 | 21 |
| Aistrithe chuig sócmhainní caipitil | (134) |
| Íocaíochtaí in airgead tirim don bhliain | 121 |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh amhail 31 Nollaig 2013 | 8 |

### 2.4 Banc agus Airgead Tirim

| amhail 31 Nollaig | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna agus airgead tirim Oifig an Phámháistir Ghinearálta | 84 | (31) |
| Orduithe gan íoc | — | (2) |
| | 84 | (33) |

### 2.5 Stoic

| amhail 31 Nollaig | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stoic inchaite na hOifige Luachála | 43 | 40 |
| Stoic inchaite an Bhinse Luachála | — | 5 |
| | 43 | 45 |

| **2.6 Iarmhéideanna eile dochair** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Míreanna dochair atá ar fionraí | 57 | 134 |

| **2.7 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 105 | 112 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 38 | 48 |
| Cáin Bhreisluacha | 1 | — |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 4 | 11 |
| Pinsin | — | — |
| | 148 | 171 |
| Asbhaintí párolla atá á gcoinneáil ar fionraí | — | — |
| | 148 | 171 |

| **2.8 Glanchistiúchán státchiste dlite** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Barrachas le tabhairt suas | 1,694 | 917 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (1,701) | (987) |
| Glanchistiúchán Státchiste dlite | (7) | (70) |
| **Arna léiriú le** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 84 | (33) |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 57 | 134 |
| | 141 | 101 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (148) | (171) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | — | — |
| | (148) | (171) |
| | (7) | (70) |

| **2.9 Ceangaltais** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iomlán na gceangaltas infhorghníomhaithe le dlí[1] | 191 | 143 |

[1] Rinneadh athbhreithniú ar an bhfigiúr comparáideach i ngeall ar mhéadú ar thairseach na gceangaltas atá le nochtadh.

## 3 Caiteachas ar Chlár de réir Fo-mhírcheann

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar Meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Soláthar na Seirbhíse Luachála Stáit** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 7,069 | 6,984 | 7,209 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 1,686 | 1,153 | 1,059 |
| A.3 | Táillí a íocadh le habhcóidí agus costais dlí eile | 73 | 44 | — |
| A.4 | Tionscadail náisiúnta athluachála | 1,000 | —- | — |
| | | 9,828 | 8,181 | 8,268 |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €1.65 milliún níos ísle ná an tsuim a soláthraíodh ar na cúiseanna seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná an tsuim a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | 533 | Bhí an toradh do 2013 maidir le mórán de na fotheidil neamhphá ní b'ísle ná mar a rabhthas ag súil leis a bheith, mar gheall ar éifeachtúlachtaí a baineadh amach ar thaobh amháin agus mar gheall nach raibh an clár Athluachála Náisiúnta i bhfeidhm ach i limistéar Chathair Bhaile Átha Cliath amháin le linn na bliana ar an taobh eile, rud a d'fhág gur sábháladh airgead ar chostais taistil agus liúntas cothaithe go háirithe.  Rinneadh caiteachas sa réimse TFC maidir le tionscadail Athluachála úra a bhraitheann ar athrú reachtaíochta a chur siar. Sábháladh airgead ar mhuirir phostais i ngeall ar éifeachtúlachtaí oibriúcháin agus ar an gceist um dheimhnithe deiridh do Chathair Bhaile Átha Cliath ag deireadh mhí na Nollag ar iarchuireadh muirir phostais ina dhiaidh sin go dtí 2014 dá bharr. |
| Tionscadal náisiúnta athluachála | 1,000 | Bhí an caiteachas ar thionscadail náisiúnta athluachála faoi leith in 2013 ag brath ar achtú reachtaíocht chumasúcháin nár achtaíodh le linn na bliana.  Tá an soláthar curtha san áireamh i meastachán 2014. |

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **B** | **Seirbhísí Riaracháin don Bhinse Luachála** | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | 310 | 238 | 302 |
| B.2 | Binse Luachála | 383 | 168 | 315 |
| | | 693 | 406 | 617 |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €287,000 níos ísle ná an tsuim a soláthraíodh ar na cúiseanna seo a leanas:

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná an tsuim a soláthraíodh**<br>**€000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Binse Luachála | 215 | Rinneadh ní ba lú achomhairc athbhreithnithe chuig an mBinse Luachála nó mar a rabhthas ag súil leo, i ngeall, go príomha, go rabhthas ag díriú ar iarracht na hOifige Luachála maidir leis an tionscadal athluachála. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí i gcabhair | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Táillí achomhairc leis an mBinse Luachála | 60 | 6 | 27 |
| 2. | Deimhnithe luachála | 158 | 130 | 155 |
| 3. | Táillí athbhreithnithe luachála | 650 | 483 | 600 |
| 4. | Táillí ó achomhairc chuig an gCoimisinéir | 65 | 32 | 1 |
| 5. | Fáltais ilghnéitheacha | 35 | 63 | 13 |
| 6. | Fáltais ó asbhaint a bhain le pinsean ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 432 | 446 | 458 |
| | Iomlán | 1,400 | 1,160 | 1,254 |

**Míniú ar athrúcháin shuntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach mírcheann a raibh an toradh a bhain leis os cionn €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim mheasta, agus os cionn 5% amach ón tsuim mheasta.

| Mírcheann | Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta | Míniú |
|---|---|---|
| Táillí athbhreithnithe luachála | 167 | Bhí na fáltais i dtaca le táillí athbhreithnithe ní b'ísle ná a rabhthas ag súil leo i dtosach i ngeall go rabhthas ag díriú ar iarracht an tionscadail Athluachála i mBaile Átha Cliath agus i bPort Láirge, agus dá bhrí sin bhí an clár athbhreithnithe teoranta. |

# 5 Líon Fostaithe agus Pá

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| **Líon na mball foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | 125 | 131 |

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 6,647 | 6,925 |
| Liúntais i leith ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 120 | 115 |
| Ragobair | 24 | 25 |
| ÁSPC Fostóra | 432 | 446 |
| **Pá iomlán** | **7,223** | **7,511** |

### 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht le duine ar leith 2013 | Uasíocaíocht le duine ar leith 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 22 | 1 | 24,403 | 11,624 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 10 | — | 9,109 | 7,020 |

Fuair daoine áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

### 5.2 Socruithe Luach Saothair eile

Íocadh €11,280 agus €1,140 le státseirbhísigh a chuaigh ar scor ach a bhí fostaithe ar chonradh chun tascanna speisialaithe dhéanamh.

# 6 Míreanna Ilghnéitheacha

### 6.1 Méideanna Díscríofa

Rinneadh na méideanna seo a leanas a dhíscríobh le linn na bliana:

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid chuntais curtha ar fionraí maidir le cáin ioncaim | 4 | — |
| Táillí nár íocadh atá dlite ó na húdaráis áitiúla | 4 | 35 |
| | 8 | 35 |

### 6.2 Costais Dhlíthiúla

Tá costais dhlíthiúla a íocadh le linn na bliana rangaítear mar a leanas:

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Táillí dlíthiúla | — | — |
| Costais um chúiteamh | 44 | — |
| | 44 | — |

### 6.3 Cumasc

Mar chuid den Chlár um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, rinneadh cinneadh Rialtais an 31 Deireadh Fómhair 2012 go rachfaí chun cinn le cumasc na hOifige Luachála, Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann agus an Údaráis Clárúcháin Maoine. Ceapadh an Príomhfheidhmeannach Ainmnithe don eagraíocht úr an 1 Iúil 2013 agus tá líon grúpaí oibre, faoi stiúir lucht bainistíochta sinsearaí sna trí aonán ag obair ó shin i dtreo plean mionsonraithe a fhorbairt chun an t-aonán úr a bhunú. Faoi réir an reachtaíocht riachtanach a rith, beidh bord reachtúil ag struchtúr rialaithe an aonáin úir, a bhfuil sé molta Tailte Éireann a thabhairt air. Beidh oifigeach reachtúil i gceannas ar gach príomhfheidhm de chuid Tailte (clárú, luacháil agus suirbhéanna). Tabharfaidh an t-oifigeach sin tuairisc don Phríomhfheidhmeannach agus tabharfaidh an Príomhfheidhmeannach tuairisc ansin don Bhord. Státseirbhísigh a bheidh i bhfoireann na heagraíochta úir agus maoineofar an eagraíocht trí struchtúr Vóta. Tá ullmhú Dhréachtscéim an Bhille chun Tailte Éireann a bhunú ar siúl agus tá sé beartaithe an Scéim a chur i láthair an Rialtais a luaithe is féidir. Ní mheastar go mbeidh tionchar ag an gcumasc ar luach tugtha anonn shocmhainní nó dhliteanais na hOifige Luachála.